2026/580

17.3.2026

# CINNEADH (AE) 2026/580 ÓN gCOMHAIRLE

## an 24 Samhain 2025

## maidir le síniú agus tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise lena mbunaítear creat le haghaidh rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise in oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 37 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(5) agus (6) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I mí Dheireadh Fómhair 2004, d'údaraigh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht le Cónaidhm na hEilvéise le haghaidh comhaontú idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise lena mbunaítear creat le haghaidh rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise in oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais Eorpaigh.

(2) Ar bhonn an údaraithe sin, rinneadh comhaontú den sórt sin a chaibidil idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise.

(3) Ba cheart an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise lena mbunaítear creat le haghaidh rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise in oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais Eorpaigh a fhormheas thar ceann an Aontais agus ba cheart síniú an Chomhaontaithe sin a údarú chun an tAontas a cheangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise lena mbunaítear creat le haghaidh rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise in oibríochtaí bainistithe géarchéime an Aontais Eorpaigh a fhormheas thar ceann an Aontais ([1]). Údaraítear síniú an Chomhaontaithe leis seo, agus cuirtear in iúl go dtoilíonn an tAontas a bheith faoi cheangal an Chomhaontaithe.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Samhain 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

L. LØKKE RASMUSSEN

---

([1]) Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2026/581, 17.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/581/oj.